2025/2277

13.11.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2277 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Samhain 2025

lena gceartaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/477 maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dámhachtain conarthaí le haghaidh na ngníomhaíochtaí a bhaineann le giniúint agus mórdhíol leictreachais sa Bheilg, cé is moite de leictreachas a ghintear i ngléasraí cumhachta núicléiche Doel 4 agus Tihange 3

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 7575)

(Is iad na téacsanna Ollainnise agus Fraincise amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 35 (3) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Chonarthaí Poiblí,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 24 Iúil 2024, d'iarr Ríocht na Beilge ar an gCoimisiún a shuí, de bhun Airteagal 35(1) de Threoir 2014/25/AE ('an iarraidh'), nach bhfuil feidhm ag an Treoir sin maidir le gníomhaíochtaí Luminus, Norther agus Ørsted ('na hiarratasóirí') maidir le giniúint agus mórdhíol leictreachais sa Bheilg. Níor cumhdaíodh leis an iarraidh giniúint agus mórdhíol leictreachais ó ghléasraí cumhachta núicléiche Doel 4 agus Tihange 3.

(2) Mar fhreagairt ar an iarraidh sin, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/477 ([2]) ('an Cinneadh') an 6 Márta 2025.

(3) Mar a tugadh faoi deara in aithris 13 den Chinneadh, chuir an Coimisiún san áireamh, chun a mheasúnú an bhfuil na gníomhaíochtaí ábhartha faoi réir iomaíocht dhíreach sna margaí lena mbaineann, an sciar den mhargadh atá ag na príomhghnóthais atá gníomhach i nginiúint agus mórdhíol leictreachais sa Bheilg, chomh maith le tacaíocht a bheith ann agus méid na tacaíochta sin le haghaidh giniúint agus mórdhíol leictreachais in-athnuaite sa Bheilg trí scéimeanna poiblí.

(4) Sa Chinneadh, shoiléirigh an Coimisiún nach ndearna sé anailís ar an scéim fóirdheontais le haghaidh gléasraí cumhachta núicléiche Doel 4 agus Tihange 3 arna leathnú tar éis 2025 (aithris 22 agus fonóta 12 den Chinneadh). Maidir leis na scéimeanna fóirdheontais atá fágtha, in aithris 35 den Chinneadh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, maidir le giniúint agus mórdhíol leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a fhaigheann préimheanna seasta atá sainithe go dlíthiúil, gur margadh ar leith iad. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sin ar bhonn na gcinntí a luaitear in aithris 20 den Chinneadh. In aithrisí 28 agus 40 den Chinneadh, áfach, is d'aithris 18 a thagraítear ina ionad sin. Dá bhrí sin, is gá Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/477 a cheartú dá réir i leith na hearráide sin.

([1]) IO L 94, 28.3.2014, lch. 243, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/25/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/477 ón gCoimisiún an 6 Márta 2025 maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dámhachtain conarthaí le haghaidh na ngníomhaíochtaí a bhaineann le giniúint agus mórdhíol leictreachais sa Bheilg, cé is moite de leictreachas a ghintear i ngléasraí cumhachta núicléiche Doel 4 agus Tihange 3 (IO L, 2025/477, 13.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/477/oj).

(5) Sa chuid den Chinneadh a bhaineann le hanailís mhargaidh, déantar anailís i Roinn 3.2.3.2 ar thosca amhail sciartha margaidh agus leibhéil chomhchruinnithe margaidh; I Roinn 3.2.3.3 déantar anailís ar an mbrú iomaíoch a chuireann allmhairí leictreachais i bhfeidhm agus i Roinn 3.2.3.4 tugtar tuairisc ar na heintítis atá gníomhach sa mhargadh foriomlán giniúna agus mórdhíola leictreachais sa Bheilg, lena n-áirítear na heintitis chonarthacha. Go háirithe, leagtar amach in aithrisí 57 go 64 den Chinneadh anailís an Choimisiúin ar cibé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh tionchar ceannasach a bheith ag údaráis chonarthacha ar Engie.

(6) Níor áiríodh Engie san iarraidh. Dhearbhaigh Ríocht na Beilge nach n-oibríonn Engie ar na hardáin soláthair phoiblí Eorpacha toisc, dar léi, nach bhfuil sé faoi réir Threoir 2014/25/AE (aithris 57 den Chinneadh). I bhfianaise na faisnéise a bhí ar fáil tráth an Chinnidh, áfach, bhí an Coimisiún den tuairim gur cheart Engie a mheas mar eintiteas conarthach de bhun Airteagal 4(2) de Threoir 2014/25/AE (aithris 64 den Chinneadh).

(7) Tar éis ghlacadh an Chinnidh, chuaigh Engie i dteagmháil leis an gCoimisiún le faisnéis nua maidir lena scairshealbhóirí agus a gcearta vótála. Leanann sé ón bhfaisnéis sin, murab ionann agus an méid a luaitear in aithris 60 den Chinneadh, nach raibh ar a laghad 50 % de na vótaí a chaith scairshealbhóirí iarbhír ag cruinnithe cinn bhliana scairshealbhóirí Engie ag údaráis chonarthacha na Fraince – scairshealbhóirí de chuid Engie – i ngach ceann de na 5 bliana sa tréimhse idir 2020 agus 2024. Go deimhin, in 2022 agus 2023, bhí beagán níos lú ná leath na vótaí a caitheadh iarbhír ag na húdaráis chonarthacha sin, agus ba iad na céatadáin a bhí ag Stát na Fraince agus ag Caisse des Dépôts et Consignations, ar an meán, 49,92 % in 2022 agus 48,55 % in 2023, faoi seach. Ós rud é nach ag na húdaráis chonarthacha Francacha a bhí tromlach na vótaí a caitheadh ag gach tionól ginearálta i ngach ceann de na 5 bliana i gcaitheamh na tréimhse 2020-2024 (ach in 2020, 2021 agus 2024 amháin), caitheadh amhras ar an gconclúid gur imir siad tionchar ceannasach ar Engie.

(8) Ba cheart don Choimisiún a chur san áireamh freisin nach bhfuil san fhéidearthacht a bheith ann do Stát na Fraince sciar órga a dhéanamh de ghnáthscair de chuid Engie ach an ceart a bheith á thabhairt dó cur i gcoinne sócmhainní straitéiseacha a dhíol le tríú páirtí. Fágann sé sin, maidir le maíomh an Choimisiúin in aithris 61 den Chinneadh go dtabharfadh an sciar órga sin an ceart do Stát na Fraince coinníoll a chur ar theacht isteach scairshealbhóirí nua i gcaipiteal na cuideachta os cionn tairseach ar leith faoi réir chomhaontú an Aire Geilleagair, go bhfuil sé sin mícheart.

(9) Ar bhonn na faisnéise nua a sholáthair Engie, agus d'uireasa aon fhianaise bhreise maidir le tionchar ceannasach a d'fhéadfadh a bheith á imirt le dlí nó le gníomh ar Engie ag na húdaráis chonarthacha, níl dóthain gnéithe ag an gCoimisiún níos mó, ag an gcéim seo, chun teacht ar an gconclúid go bhféadfadh tionchar ceannasach a bheith ag údaráis chonarthacha ar Engie agus, dá bhrí sin, gur cheart Engie a mheas mar eintiteas conarthach de réir bhrí Threoir 2014/25/AE. Dá bhrí sin, is gá Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/477 a cheartú dá réir.

(10) Ós rud é nach féidir leis an gCoimisiún teacht ar an gconclúid níos mó gur eintiteas conarthach é Engie, tá tionchar aige sin ar an anailís ar choinníollacha na neamhchosanta dírí ar iomaíocht sa mhargadh foriomlán giniúna leictreachais agus mórdhíola leictreachais sa Bheilg. Bhí sciartha comhcheangailte den mhargadh idir 20 % agus 30 % le haghaidh acmhainneachta agus 15 % agus 20 % le haghaidh giniúna ag eintitis chonarthacha, lena n-áirítear Luminus, ar an margadh sin le linn na tréimhse 2019-2023 (aithris 56 den Chinneadh). Meastar go bhfanfaidh an sciar sin den mhargadh cobhsaí sna blianta amach romhainn. Bhí 14,1 % den mhargadh ag Luminus leis féin in 2023 (aithris 42 den Chinneadh). Tá sé sin i bhfad faoi bhun na dtairseacha a measadh i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus i gcleachtas an Choimisiúin maidir le cúrsaí iomaíochta a mheastar mar léiriú féideartha gurb ann do chumhacht shuntasach sa mhargadh. A mhéid a bhaineann leis na heintitis chonarthacha atá fágtha, ní oibríonn Norther ach feirm ghaoithe amháin faoi láthair agus níl Ørsted ar mhargadh giniúna agus mórdhíola leictreachais na Beilge go fóill. Tá an dá cheann acu, in éineacht le Luminus, in iomaíocht le táirgeoirí eile (is iad sin, Engie, RWE, Eneco agus Total Energy) nach meastar a bheith ina n-eintitis chonarthacha agus ag a raibh níos mó ná 62 % den mhargadh giniúna agus mórdhíola leictreachais sa Bheilg in 2023 le chéile, ó thaobh an fhuinnimh a táirgeadh (aithris 42 den Chinneadh).

(11) Mar thoradh air sin, i bhfianaise na ngnéithe nua a bhaineann le Engie a cuireadh in iúl don Choimisiún, a bhí ann tráth a glacadh an Cinneadh, ní féidir leis an gCoimisiún a mheas níos mó nach bhfuil gníomhaíochtaí Luminus sa mhargadh giniúna agus mórdhíola leictreachais sa Bheilg neamhchosanta go díreach ar iomaíocht. Dá bhrí sin, is gá Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/477 a cheartú dá réir i leith mheasúnú an Choimisiúin ar choinníollacha na neamhchosanta dírí ar iomaíocht sa mhargadh foriomlán giniúna leictreachais agus mórdhíola leictreachais sa Bheilg chomh maith leis na conclúidí uaidh ina leith sin.

(12) Agus é á chur san áireamh gurbh ann do na gnéithe nua a bhaineann le Engie tráth a glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/477, agus an éifeacht a bhíonn ag na ceartúcháin riachtanacha ar an ngnóthas lena mbaineann á cur san áireamh freisin, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ón 6 Márta 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/477 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithris 28:

'(28) Maíonn na hiarratasóirí gur cheart na páirceanna gaoithe amach ón gcósta sin a mheas mar pháirceanna a bhaineann leis an margadh ginearálta giniúna agus mórdhíola, ós rud é nach gcumhdaíonn na fóirdheontais a fhaightear níos mó ná glanchostais bhreise na dtionscadal. Mar sin féin, sna cinntí dá dtagraítear in aithris 20, tá an Coimisiún den tuairim arís agus arís eile nach raibh suiteálacha a fhaigheann fóirdheontais shocraithe mar chuid den mhargadh foriomlán giniúna agus mórdhíola leictreachais. I gcás an Choimisiúin, tugann fóirdheontais den sórt sin cosaint do thairbhithe ar iomaíocht trí leibhéil ráthaithe ioncaim a sholáthar. Ní fheiceann an Coimisiún aon chúis le himeacht ón gcur chuige sin.';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithris 40:

'(40) I gcomhréir lena chinntí roimhe seo dá dtagraítear in aithris 20, cinneann an Coimisiún sa chás seo nach n-áirithítear le fóirdheontais sheasta atá sainithe go dlíthiúil le haghaidh giniúint leictreachais in-athnuaite go bhfuil na saoráidí a bhaineann tairbhe as fóirdheontais den sórt sin neamhchosanta go díreach ar iomaíocht.';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithrisí 57 go 70:

'(57) Tá láithreacht sheanbhunaithe ag Engie i margadh giniúna agus mórdhíola leictreachais na Beilge agus is é an ceannaire margaidh i gcónaí é. Ní fheidhmíonn sé ar na hardáin soláthair phoiblí toisc nach bhfuil sé, i dtuairim na n-iarratasóirí, faoi réir na Treorach ([22]). Cuireann Engie brú láidir iomaíoch ar eintitis chonarthacha sa Bheilg.

(58) Is é Luminus an dara gníomhaí margaidh is mó: tá punann giniúna éagsúlaithe aige lena n-áirítear táirgeadh ó ghléasraí cumhachta núicléiche atá lonnaithe sa Bheilg ([23]), rud a thugann rochtain dó ar fhoinse giniúna leictreachais bonnualaigh atá cobhsaí, solúbtha agus iomaíoch (a bhuí lena chostas imeallach íseal). Oibríonn Luminus gléasraí hidreachumhachta agus gléasraí faoi thiomáint gáis sa Bheilg freisin a sholáthraíonn buaicghiniúint sholúbtha leictreachais. Tá an sciar den mhargadh atá ag Luminus sách íseal i gcónaí. In 2019, ba é 13,7 % an sciar den mhargadh a bhí aige agus in 2023 is 14,1 % a bhí ann ([24]). Ar bhonn réamhaisnéisí na n-iarratasóirí, meastar gurb é Luminus a bheidh ar an dara gníomhaí margaidh is mó go dtí 2034 ar a laghad ([25]). Seachas Engie, tá Luminus in iomaíocht le táirgeoirí eile (is iad sin RWE, Eneco agus Total Energy) nach meastar a bheith ina n-eintitis chonarthacha agus ag a raibh níos mó ná 62 % den mhargadh giniúna agus mórdhíola leictreachais sa Bheilg in 2023 le chéile. Fágann sé sin go bhfuil gníomhaíochtaí Luminus neamhchosanta go díreach ar iomaíocht ar an margadh giniúna agus mórdhíola leictreachais sa Bheilg.

(59) Ina theannta sin, maidir le Treoiruimhir Herfindahl-Hirschman (THH), dá dtagraítear in aithris (46), is léiriú í, i ndáil le sciartha den mhargadh, go bhfuil iomaitheoirí ag tógáil go leor ama chun bheith iomaíoch le gníomhaithe seanbhunaithe. Meastar go dtitfidh comhchruinniú margaidh a thuilleadh, mar sin féin, mar gheall ar dhúnadh beartaithe imoibreoirí núicléacha sa Bheilg.

(60) A mhéid a bhaineann leis na heintitis chonarthacha eile, ní oibríonn Norther ach feirm ghaoithe amháin faoi láthair. Níl giniúint leictreachais ón ngaoth solúbtha agus braitheann sí ar dhálaí aimsire. Níl Ørsted i láthair ar mhargadh giniúna agus mórdhíola leictreachais na Beilge go fóill. Fiú amháin sna 10 mbliana amach romhainn, ní mheastar go mbeidh an dá chuideachta sin ina mórghníomhaithe sa Bheilg ([26]). Beidh an dá cheann acu in iomaíocht le mórghníomhaithe. Fágann sé sin go bhfuil gníomhaíochtaí Norther, gníomhaíochtaí fhochuideachtaí eile Nethys agus gníomhaíochtaí Ørsted neamhchosanta go díreach ar iomaíocht ar an margadh giniúna agus mórdhíola leictreachais sa Bheilg.

_____

([22]) Mír 164 den iarraidh.
([23]) Tá cearta tarraingthe ag Luminus freisin ar roinnt gléasraí cumhachta núicléiche sa Fhrainc. Oibríonn scairshealbhóir rialaithe Luminus (EDF) cabhlach de 56 imoibreoir núicléacha sa Fhrainc. Is féidir táirgeadh leictreachais núicléach na Fraince a allmhairiú sa Bheilg trí na hidirnaisc idir an dá thír.
([24]) Féach tábla 8 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an iarraidh.
([25]) *Ibid.*
([26]) *Ibid.*;'

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithris 71 go 76:

'4. **CONCLÚID**

(61) Ós rud é nach gcomhlíontar na coinníollacha le haghaidh díolúine a leagtar amach in Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, ba cheart feidhm a bheith ag Treoir 2014/25/AE i gcónaí maidir le conarthaí lena mbeartaítear go mbainfear amach giniúint leictreachais in-athnuaite a fhaigheann préimheanna seasta atá sainithe go dlíthiúil sa Bheilg.

(62) I bhfianaise na dtosca a scrúdaítear in aithrisí 40 go 60, ba cheart a mheas nach ndéantar an choinníoll maidir le neamhchosaint dhíreach ar iomaíocht a leagtar síos in Airteagal 34(1) de Threoir 2014/25/AE a chomhlíonadh sa Bheilg i leith gníomhaíochtaí a bhaineann leis an margadh foriomlán giniúna agus mórdhíola leictreachais sa Bheilg.

(63) Níor cheart feidhm a bheith ag Treoir 2014/25/AE dá bhrí sin i gcás ina ndéanann eintitis chonarthacha conarthaí a dhámhachtain lena mbeartaítear a fhágáil gur féidir na gníomhaíochtaí sin a dhéanamh, nó i gcás ina n-eagraítear comórtais dheartha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (17), de Threoir 2014/25/AE chun gníomhaíochtaí den sórt sin a shaothrú sa limistéar geografach sin.

(64) Tá an Cinneadh seo gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha iomaíochta an Aontais agus do chur i bhfeidhm na bhforálacha i réimsí eile de dhlí an Aontais. Go sonrach, na critéir agus an mhodheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar neamhchosaint dhíreach ar iomaíocht faoi Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, ní gá gurb ionann iad agus na critéir agus an mhodheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh faoi Airteagail 101 nó 102 den Chonradh nó de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([27]), mar a dheimhnigh Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, ([28])

_____

([27]) Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc CE) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/139/oj).
([28]) Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 27 Aibreán 2016, *Österreichische Post AG v. An Coimisiún*, t-463/14, ECLI:EU:T:2016:243, mír 28. Féach freisin Treoir 2014/25/AE, aithris 44.';

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'*Airteagal 2*

Gan dochar d'Airteagal 1, ní bheidh feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí a dhámhachtain, ar conarthaí iad lena mbeartaítear a fhágáil gur féidir giniúint leictreachais agus gníomhaíochtaí mórdhíola a dhéanamh sa Bheilg, cé is moite de ghiniúint leictreachais agus gníomhaíochtaí mórdhíola ó Doel 4 agus Tihange 3, nach dtagann faoi raon feidhme an Chinnidh seo.'.

Airteagal 2

Is chuig Ríocht na Beilge a dhírítear an Cinneadh seo.

Beidh feidhm aige ón 6 Márta 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Samhain 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Stéphane SÉJOURNÉ
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin